Rannóg Pholasaí, Curaclaim agus Measúnachta
An Roinn Oideachais agus Scileanna,
Sráid Mhaoilbhríde
Baile Atha Cliath 1

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Curriculum and Assessment Policy Unit,
Department of Education and Skills
Marlborough Street
Dublin 1

**Chuig: Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Foirne Teagaisc i mBunscoileanna agus i Scoileanna Dara Leibhéil agus Príomhoifigigh Feidhmiúcháin ar Bhoird Oideachais agus Oiliúna**

**Ainmhithe beo a úsáid chun críocha eolaíochta, oideachais nó eile i scoileanna**

**Ciorclán 0032/2015**

## 1. *RÉAMHRÁ*

### *1.1 Cuspóir an chiorcláin seo*

Is mian leis an Aire Oideachais agus Scileanna aird scoileanna a tharraingt ar reachtaíocht a bhaineann le hainmhithe beo a úsáid chun críocha eolaíochta, oideachais agus eile i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Mar aon leis an reachtaíocht reatha, tá ceanglais nua ar bhunscoileanna agus ar iar-bhunscoileanna de bharr forbairtí reachtacha ó thaobh cosaint ainmhithe de a tháinig chun cinn le déanaí.

Ba cheart do scoileanna a bheith ar an eolas go bhfuil tionscadail uathúla taighde a bhaineann le hainmhithe beo faoi réir na reachtaíochta um úsáid ainmhithe agus gur féidir go mbeidh siad faoi réir ceadúnú roimh ré nó nach gceadófar iad a thuilleadh. Dá bhrí sin, tá an ciorclán seo ábhartha maidir le múinteoirí agus le daltaí ar mian leo tabhairt faoi thionscadail taighde ar leibhéal áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta, Aontaí Eolaíochta ina measc.

### *1.2 An reachtaíocht um úsáid ainmhithe*

I mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna, tá an reachtaíocht um úsáid ainmhithe ábhartha maidir leis na nithe seo a leanas:

- gníomhaíochtaí turgnamhacha agus imscrúdaitheacha a bhaineann le hainmhithe beo, is cuma cé acu is gníomhaíochtaí curaclaim nó neamhchuraclaim iad, lena n-áirítear tionscadail uathúla taighde de chuid daltaí agus cúrsaí a fhorbraítear go háitiúil
- breathnú a bhaineann le hainmhithe beo
- cúram agus cosaint na n-ainmhithe
- cóiríocht na n-ainmhithe
- ainmhithe a choinneáil chun críocha taispeána nó eile

### *1.3 Ceadúnais*

Chomh maith leis sin, tugtar comhairle i rannáin 2.1.3, 2.1.4 agus 2.1.5 den chiorclán seo maidir leis an ngá atá ann le ceadúnais le haghaidh gníomhaíochtaí áirithe a bhaineann le speicis chosanta.

### *1.4 Ainmhithe beo a úsáid i scoileanna*

Tacaíonn aidhmeanna an oideachais eolaíochta agus imshaoil ar leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile i scoileanna na hÉireann le foghlaim atá turgnamhach. Spreagtar daltaí scileanna taighde eolaíochta agus páirt ghníomhach a ghlacadh in imscrúduithe. Tugtar deis sna curaclaim breathnú go díreach ar ainmhithe beo agus léirthuiscint agus meas a chothú ar an mbeatha agus ar an imshaol.

Tacaíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna leis na gníomhaíochtaí sin agus molann sí go bhfaighidh daltaí taithí ar bhreathnú díreach agus go bhfoghlaimeoidh siad uaithi. Is suntasach na tairbhí a bhaineann daltaí as taithí phearsanta a fháil, as imscrúduithe a dhéanamh agus as breathnú ar ainmhithe ina n-imshaol nádúrtha agus ar fheirmeacha. Aithníonn an Roinn go ngabhann móragóidí eiticiúla le hainmhithe a úsáid chun críocha eolaíochta agus go dtagann an úsáid sin faoi raon feidhme na reachtaíochta Náisiúnta agus Eorpaí atá leagtha amach sa chiorclán seo.

**Tá sé de fhreagracht ar fhoireann scoile taithí a thabhairt dóibh féin ar ábhar agus ar cheanglais na reachtaíochta um úsáid ainmhithe agus na gceadúnas lena mbaineann.** Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go mbíonn na hionstraimí sin faoi réir athrú leanúnach agus/nó go bhféadfar iad a nuashonrú. **D'fhonn comhlíonadh leanúnach a áirithiú, ní mór do scoileanna feasacht leanúnach a choinneáil ar cheanglais na reachtaíochta um úsáid ainmhithe agus gach ceanglas reatha a sheiceáil sula dtabharfaidh siad faoi aon ghníomhaíocht a bhaineann le hainmhithe beo.**

Má chloítear le ceanglais na reachtaíochta ábhartha, na gceadúnas ábhartha agus na treorach a thugtar sa chiorclán seo, beifear in ann leanúint ar aghaidh le cuid mhór cleachtas a bhaineann le hainmhithe beo nó beifear in ann leanúint ar aghaidh leo ach roinnt coigeartuithe a dhéanamh orthu.

## *2. REACHTAÍOCHT AGUS CEADÚNAIS*

### *2.1 Ionstraimí atá ábhartha maidir le scoileanna*

Áirítear iad seo a leanas leis an Reachtaíocht agus leis na Ceadúnais atá ábhartha maidir le hainmhithe beo a úsáid i scoileanna:

- *Ionstraim Reachtúil (I.R.) Uimh. 543 de 2012 ó Rialtas na hÉireann* lena gcuirtear *Treoir 2010/63/AE* ón Aontas Eorpach chun feidhme
- *An tAcht um Shláinte agus Leas Ainmhithe 2013*
- An reachtaíocht Náisiúnta agus Eorpach um chosaint speiceas
- Ceadúnas bliantúil chun glóthach froig a bhailiú

- Gníomhaíochtaí eile a bhaineann le hainmhithe agus a dteastaíonn ceadúnú uathu faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra, 1976 go 2012

### *2.1.1 Ionstraim Reachtúil (I.R.) Uimh. 543 de 2012 ó Rialtas na hÉireann* lena gcuirtear *Treoir 2010/63/AE* ón Aontas Eorpach chun feidhme

Foráiltear le *hIonstraim Reachtúil Uimh. 543 de 2012* **d'ainmhithe veirteabracha** neamhdhaonna beo agus do **cheifileapóid*** bheo a úsáid. Tá úsáid na n-ainmhithe sin i ngníomhaíochtaí taighde eolaíochta, i ngníomhaíochtaí oideachais nó i ngníomhaíochtaí eile faoi réir cheanglais na hIonstraime. Is é an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (HPRA) an tÚdarás Inniúil ainmnithe a bhfuil freagracht air as cur chun feidhme na hIonstraime. Foráiltear leis an Ionstraim d'úsáid ainmhithe a rialáil i roinnt réimsí, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Srianta ar ghnáthaimh a dhéanamh
- Cúram agus cóiríocht
- Speicis i mbaol
- Ainmhithe a thógtar as an bhfiadhúlra
- An ceanglas le húdarú tionscadal
- Ionadú, Laghdú agus Mionchoigeartú (féach rannán 2.1.1.1 thíos)1

Tá *Ionstraim Reachtúil Uimh. 543 de 2012* ar fáil ag www.irishstatutebook.ie. Tugtar treoir i Rannán 3, Treoirlínte, den chiorclán seo maidir le léirmhíniú a dhéanamh ar an Ionstraim agus ar an tionchar a bheidh aici ar ghníomhaíochtaí i scoileanna.

**Agus pleanáil á déanamh acu ar aon ghníomhaíocht a bhaineann leis na hainmhithe sin a úsáid, ní mór do scoileanna taithí a thabhairt dóibh féin ar an Ionstraim agus ar an treoir a thugtar sa chiorclán seo agus ní mór dóibh cloí leo ag an am céanna.**

De réir na hIonstraime, ní fhéadfaidh ach institiúidí ardleibhéil ainmhithe a úsáid chun críocha eolaíochta nó oideachais maidir le 'gnáthaimh' a dhéanamh (sainmhínítear 'gnáthamh' mar aon úsáid a bhaintear as ainmhí agus a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le leibhéal péine, fulaingthe, anacra nó dochair bhuain atá coibhéiseach lena ndéanfaí le snáthaid, nó níos airde ná sin).

Chuir an HPRA in iúl don Roinn Oideachais agus Scileanna **nach bhfuil cead ag bunscoileanna ná ag iar-bhunscoileanna tabhairt faoi ghnáthaimh (mar atá sainmhínithe thuas) lena gcuirtear na hainmhithe sin (veirteabraigh agus ceifileapóid*) faoi réir péine nó anacra. Dá bhrí sin, ní ceadaithe a thuilleadh atá cleachtais áirithe a rinneadh roimhe seo i scoileanna.** Tugtar treoir i rannán 3.1.1 den chiorclán seo maidir le *cleachtais nach bhfuil ceadaithe i scoileanna ná mar chuid d'obair scoile.*

Cé nach bhfuil cead ag scoileanna 'gnáthaimh' a dhéanamh ar na hainmhithe sin a thuilleadh, chuir an HPRA in iúl don Roinn **go bhfuil cead ag bunscoileanna agus ag iar-bhunscoileanna "ainmhithe a choinneáil agus tabhairt faoi chleachtais a meastar nach dtagann siad raon feidhme na reachtaíochta eolaíochta um chosaint ainmhithe" mar atá leagtha amach ag an HPRA sa "*Guide to Practices Outside the Scope of Scientific Animal Protection Legislation*" uaidh.** Tá an Treoir sin ar fáil sa rannán Tréidliachta de shuíomh Gréasáin an HPRA (www.hpra.ie), agus í le fáil faoi

*Scientific Animal Protection, Guides and Forms*. Go háirithe, tugtar tuilleadh sonraí faoi Rannán 2.7 den Treoir ón HPRA bunaithe ar an gcomhfhreagras leis an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le gníomhaíochtaí atá forordaithe sna curaclaim bhunscoile agus iar-bhunscoile. Tugtar treoir sa chiorclán seo maidir le cleachtais nach dtagann faoi raon feidhme na reachtaíochta eolaíochta um chosaint ainmhithe agus ar féidir leanúint ar aghaidh leo i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna dá bharr sin. Tá na cleachtais sin leagtha amach i rannán 3.1.2.

I gcás gníomhaíochtaí a bhaineann le veirteabraigh bheo agus le ceifileapóid* bheo agus a bhféadfar iad a phleanáil mar ghníomhaíochtaí curaclaim neamh-fhorordaithe i scoileanna (lena n-áirítear cúrsaí a fhorbraítear go háitiúil, tionscadail uathúla taighde eolaíochta agus tionscadail le haghaidh Aontaí Eolaíochta), tá feidhm ag ceanglais *Ionstraim Reachtúil Uimh. 543 de 2012* maidir leo freisin. I gcásanna den sórt sin, ní féidir leis an HPRA údarú a thabhairt do bhunscoileanna ná d'iar-bhunscoileanna 'gnáthaimh' a dhéanamh ach, sa chás nach bhfuil scoileanna agus/nó daltaí atá i mbun tionscadail taighde eolaíochta cinnte cé acu a thagann nó nach dtagann an ghníomhaíocht lena mbaineann faoi raon feidhme *Ionstraim Reachtúil Uimh. 543 de 2012*, is féidir leo iarraidh ar an HPRA tuairim a chur in iúl ar aicmiú an staidéir **sula gcuirfear tús leis an ngníomhaíocht**. Ba cheart iarrataí den sórt sin a sheoladh chuig sap@hpra.ie. Cuirfidh an HPRA comhairle ar scoileanna ar bhonn cás ar chás.

#### *2.1.1.1 Tionchar an Ionadaithe, an Laghdaithe agus an Mhionchoigeartaithe ar scoileanna*

Maidir le *hainmhithe veirteabracha agus le ceifileapóid* a úsáid*, tá freagracht eiticiúil ar scoileanna cloí le prionsabail an **Ionadaithe**, an **Laghdaithe** agus an **Mhionchoigeartaithe** atá leagtha amach in *Ionstraim Reachtúil Uimh. 543 de 2012:*

- **Ionadú**: Modh nó straitéis tástála atá sásúil go heolaíoch agus nach mbaineann le hainmhithe beo a úsáid nuair is féidir.
- **Laghdú**: A laghad ainmhithe is féidir a úsáid gan cur as do chuspóirí an tionscadail.
- **Mionchoigeartú**: A chinntiú go ndéantar cóiríocht agus cúram na n-ainmhithe, agus aon mhodhanna a úsáidtear le haghaidh staidéir ar ainmhithe le linn an tionscadail, a mhionchoigeartú d'fhonn aon phian, aon fhulaingt, aon anacair nó aon dochar buan a d'fhéadfadh bheith ann a dhíothú nó a laghdú a mhéid is féidir. Áirítear leis sin, nuair is féidir, gnáthóg nádúrtha na n-ainmhithe a mhacasamhlú, mar shampla, ábhair chuí neadaithe nó leabaithe a chur ar fáil.

Mar achoimre, is gá na nithe seo a leanas a leanúint in aon ghníomhaíocht is ceadaithe a dhéanamh i mbunscoileanna nó in iar-bhunscoileanna (i.e. gníomhaíochtaí nach dtagann faoi raon feidhme na reachtaíochta eolaíochta um chosaint ainmhithe): níor cheart ach an líon ainmhithe is lú is féidir a úsáid; ba cheart cúram agus cóiríocht a thabhairt don ainmhí; ní mór an t-amfhráma lena n-úsáid a bheith chomh gearr agus is féidir; ní mór na hainmhithe a bheith faoi réir na láimhseála is lú is féidir; agus ní mór ceanglais *an Achta um Shláinte agus Leas Ainmhithe 2013* a chomhlíonadh ina n-iomláine.

**Tabhair faoi deara:* Foráiltear le *hIonstraim Reachtúil 543 de 2012* d'ainmhithe veirteabracha beo agus do cheifileapóid bheo a úsáid amháin. Ní thagann aon chleachtais a bhaineann le *hainmhithe inveirteabracha* beo faoi raon feidhme an phíosa reachtaíochta ar leith seo, ach is amhlaidh go bhfuil siad faoi réir ceanglais reachtacha eile, *an tAcht um Shláinte agus Leas Ainmhithe 2013* ina measc.

### *2.1.2 An tAcht um Shláinte agus Leas Ainmhithe 2013*

Foráiltear leis *an Acht um Shláinte agus Leas Ainmhithe 2013* do na cleachtais uile a bhaineann le **gach cineál ainmhí bheo** a úsáid nó a choinneáil chun críche ar bith, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- críocha oideachais
- críocha eolaíochta
- críocha taispeána nó taispeántais

Athbhreithnítear leis an Acht an reachtaíocht a bhí ann roimhe agus foráiltear leis do rialáil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí áirithe a bhaineann le hainmhithe agus do chruálacht ar ainmhithe a chosc.

**Ní mór do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna taithí a fháil ar an Acht agus cloí go hiomlán le ceanglais an Achta.** Tá an tAcht ar fáil ag www.irishstatutebook.ie.

**Ní mór do scoileanna gach beart cuí a dhéanamh chun sláinte, leas, beathú agus soláthar uisce ainmhithe beo (de gach cineál) a choinnítear in áitreabh scoile nó atá in úsáid ag an scoil chun críche ar bith agus ar feadh tréimhse ama ar bith a chosaint.** Áirítear leis sin a chinntiú go ndéantar cigireacht rialta ar an ainmhí agus go ndéantar na struchtúir ina gcoinnítear an t-ainmhí a thógáil agus a chothabháil ar bhealach nach mbeidh ina chúis le díobháil ná le fulaingt neamhriachtanach. Ní mór do scoileanna socruithe a dhéanamh i gcónaí do chúram agus do leas gach ainmhí bheo a choinnítear san áitreabh nó atá in úsáid ag an scoil, lena n-áirítear nuair a bhíonn an scoil dúnta.

Is í an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) an tÚdarás Inniúil a bhfuil freagracht air as an Acht. Tá seoladh ríomhphoist tiomnaithe i bhfeidhm ag RTBM do cheisteanna a bhaineann leis an Acht, is é sin: AnimalHealthAndWelfareAct@agriculture.gov.ie.

### *2.1.3* Reachtaíocht Náisiúnta agus Eorpach um chosaint speiceas

Tá raon forálacha reachtúla i bhfeidhm in Éirinn arb é is aidhm dóibh fiadhúlra nádúrtha a chosaint, a chaomhnú agus a bhainistiú agus rialú agus rialáil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí daonna a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt air. Tugtar cosaint do speicis ainmhithe áirithe in Éirinn cibé áit a bhfuil siad le sonrú. Tugtar cosaint do speicis áirithe i limistéir ainmnithe freisin. Tugtar cosaint do speicis ainmhithe leis an Treoir um Ghnáthóga ón AE, leis an Treoir um Éin ón AE agus le hAchtanna na hÉireann um Fhiadhúlra, 1976 go 2012. Is san Iarscríbhinn leis an Treoir um Ghnáthóga agus leis an Treoir um Éin agus sna Liostaí Dearga a thugtar sonraí faoi speicis chosanta

agus annamha in Éirinn agus faoi speicis a dteastaíonn cosaint a ngnáthóige uathu. Faoin gCoinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis i mBaol (CITES), tugtar méideanna éagsúla cosanta do speicis ainmhithe áirithe i mbaol. Tá raon láithreán ainmnithe nó cosanta ag Éirinn faoi dhlíthe difriúla – Limistéir Chaomhantais Speisialta, Limistéir Chosanta Speisialta agus láithreáin Natura 2000 ina measc.

De réir CITES, féadfar speicis ainmhithe áirithe a mheastar a bheith i mbaol a úsáid i dtaispeántais chun críocha oideachais nó eile fad a chomhlíonann coimeádaithe/sealbhóirí eiseamal den sórt sin ceanglais CITES. Samplaí coitianta d'ainmhithe a úsáidtear i dtaispeántais oideachais is ea éin chreiche, ulchabháin agus reiptílí. Agus eiseamal Iarscríbhinn A CITES á úsáid ar an mbealach sin, is gá deimhniú bailí CITES a bheith ag sealbhóir nó ag coimeádaí an eiseamail. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ag http://www.npws.ie/legislation/cites. Cuirtear i gcuimhne do scoileanna nach bhféadfaidh úsáideoir, faoi réir *Ionstraim Reachtúil Uimh. 543 de 2012*, eiseamal de chuid speiceas veirteabrach nó ceifileapód i mbaol a úsáid i 'ngnáthamh' (mar atá sainmhínithe i rannán 2.1.1).

Bíonn an reachtaíocht agus na liostaí faoi réir athrú leanúnach. Dá bhrí sin, tá sé de fhreagracht ar an scoil taithí a thabhairt di féin ar na ceanglais is déanaí sa reachtaíocht agus sna liostaí reatha, agus cloí leis na ceanglais sin, agus gníomhaíocht ina n-úsáidtear ainmhí nó gnáthóg á beartú aici.

Is í an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (REOG) atá freagrach as caomhantas éiceachóras agus fána in Éirinn a áirithiú agus as comhairle a chur ina leith agus as an reachtaíocht a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ar an suíomh Gréasáin www.npws.ie faoi *Legislation and Conventions, Irish law*.

### *2.1.4* Ceadúnas bliantúil chun glóthach froig a bhailiú

Is speiceas cosanta é an Frog Coiteann (*Rana temporaria*). D'fhonn cur chun feidhme an churaclaim i scoileanna a éascú, tugann an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ceadúnas bliantúil don Roinn Oideachais agus Scileanna, rud lena gceadaítear do mhúinteoirí glóthach froig a bhailiú de láimh chun críocha oideachais eolaíochta.

Tá an ceadúnas ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) (www.npws.ie). Is í SPNF a dhéanann an ceadúnas a dheonú faoi réir coinníollacha agus a riar. Tá na 'coinníollacha' sin le fáil ar Leathanach 2 den cheadúnas agus áirítear leo teagmháil a dhéanamh le SPNF sula gcuirfear tús leis an ngníomhaíocht agus modh chun na hainmhithe a fhuascailt tar éis na gníomhaíochta.

**Ní mór do scoileanna gach cuid den cheadúnas sin a léamh sula mbaileoidh siad glóthach froig agus ní mór dóibh cloí go hiomlán le coinníollacha agus le ceanglais *an Achta um Shláinte agus Leas Ainmhithe 2013* agus *Ionstraim Reachtúil 543 de 2012* agus glóthach froig á húsáid acu.**

### *2.1.5* Gníomhaíochtaí eile a bhaineann le hainmhithe agus a dteastaíonn ceadúnú uathu faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra

Ba cheart do scoileanna a bheith ar an eolas go bhfuil na gníomhaíochtaí seo a leanas i meas na ngníomhaíochtaí sonracha a bhaineann le hainmhithe agus a dteastaíonn ceadúnú **roimh ré** uathu: ainmhithe fiáine a mharcáil nó fáinne a chur orthu; taighde eolaíochta muirí; éin chreiche a choinneáil; áiteanna pórúcháin de chuid aon ainmhithe fiáine a shuaitheadh nó a scriosadh nó cur isteach orthu; grianghraf a ghlacadh nó scannán a dhéanamh d'ainmhí fiáin cosanta ina áit pórúcháin nó in aice léi; grianghraf a ghlacadh nó scannán a dhéanamh d'éan fiáin cosanta ar nead ina bhfuil uibheacha nó gearrcaigh gan eitilt nó in aice leis. Is í an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (REOG) an t-údarás freagrach ina leith sin. Tá sonraí ar fáil ag www.npws.ie.

Faoi Alt 22 (9) den Acht um Fhiadhúlra, 1976, (arna leasú), tugtar de chumhacht don Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ceadúnais a dheonú chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí áirithe a bhaineann le hainmhí fiáin cosanta chun críocha oideachais, eolaíochta nó eile. Déantar na hiarratais sin a bhreithniú ar a bhfiúntais féin de réir Oibleagáidí Reachtúla an Aire atá leagtha amach san Acht. Is féidir iarratais ar cheadúnais a iarraidh ón Aonad um Cheadúnais Fiadhúlra in SPNF. Sa chás nach bhfuil scoileanna agus/nó daltaí cinnte cé acu a theastaíonn nó nach dteastaíonn ceadúnú roimh ré ó ghníomhaíocht ar leith atá beartaithe, ba cheart dóibh iarraidh ar SPNF tuairim a chur in iúl ina leith sin **sula gcuirfear tús leis an ngníomhaíocht**. Cuirtear i gcuimhne do scoileanna nach bhféadfaidh úsáideoir, faoi réir *Ionstraim Reachtúil Uimh. 543 de 2012*, eiseamal de chuid speiceas veirteabrach nó ceifileapód i mbaol a úsáid i 'ngnáthamh' (mar atá sainmhínithe i rannán 2.1.1).

## *2.2 Údarás Inniúil*

Is faoi na hÚdaráis Inniúla atá sé tionscadail a bhaineann le hainmhithe beo a bhreithniú agus/nó a cheadúnú. Scoileanna agus/nó daoine aonair a bheartaíonn ainmhithe beo a úsáid in aon ghníomhaíocht seachas iad sin atá leagtha amach nó ceadaithe sa Chiorclán seo, ní mór dóibh comhairle ghairmiúil a lorg ag luathchéim agus iarratas a dhéanamh go díreach chuig an Údarás Inniúil iomchuí agus/nó chuig an gcomhlacht ceadúnúcháin iomchuí sula gcuirfear tús leis an ngníomhaíocht. Ina theannta sin, sa chás nach bhfuil scoileanna agus/nó daltaí cinnte cé acu a theastaíonn nó nach dteastaíonn ceadúnú ó ghníomhaíocht ar leith atá beartaithe, ní mór dóibh teagmháil a dhéanamh leis an údarás iomchuí agus tuairim a iarraidh. Liostaítear na hÚdaráis Inniúla iomchuí sa tábla achomair i rannán 4.

# *3. TREOIRLÍNTE*

## *3.1 Treoir do scoileanna*

Sna Treoirlínte seo, tugtar comhairle do scoileanna maidir le léirmhíniú a dhéanamh ar an reachtaíocht um úsáid ainmhithe agus ar an gceadúnú lena mbaineann. Mar aon leis na Treoirlínte seo a úsáid, ní mór do scoileanna na hionstraimí dá dtagraítear i Rannán 2 den chiorclán seo a léamh agus taithí iomlán a thabhairt dóibh féin orthu. Leagtar na nithe seo a leanas amach sna rannáin thíos:

- Cleachtais nach bhfuil ceadaithe i scoileanna ná mar chuid d'obair scoile

- Cleachtais atá ceadaithe i scoileanna toisc go bhfuil an HPRA den tuairim nach dtagann siad faoi raon feidhme na reachtaíochta eolaíochta um chosaint ainmhithe
- Treoir maidir le tabhairt faoi ghníomhaíochtaí curaclaim neamh-fhorordaithe agus faoi thionscadail uathúla taighde eolaíochta
- Bearta atá le déanamh agus úsáid ainmhithe á breithniú

### *3.1.1 Cleachtais <u>nach</u> bhfuil ceadaithe i scoileanna ná mar chuid d'obair scoile*

- Aon ghníomhaíocht nó aon staidéar a bhaineann le hainmhí veirteabrach nó le ceifileapód ar dóigh dó/di a bheith ina c(h)úis le leibhéal péine, fulaingthe, anacra nó dochair bhuain atá coibhéiseach lena ndéanfaí le snáthaid, nó níos airde ná sin, de réir an Dea-Chleachtais Tréidliachta.
- Fiadhúlra *veirteabrach* a théann thart go saor (mamach, éan, reiptíl, amfaibiach nó iasc) nó ceifileapód a cheapadh nó a bhailiú nó breathnú a dhéanamh orthu; mar gheall ar an tionchar comhcheangailte a ghabhann leis na hainmhithe sin a théann thart go saor a cheapadh agus a shainaithint go neamhionrach, meastar go sáraítear leibhéal anacra an HPRA lena linn. *(Tabhair faoi deara:* Is féidir fiadhúlra veirteabrach a théann thart go saor a shainaithint trí bhreathnú neamhionrach nach mbaineann le ceapadh).
- Ainmhí *veirteabrach* nó ceifileapód a thógáil as an bhfiadhúlra.
- Ainmhithe *veirteabracha* beo nó ceifileapóid bheo a úsáid chun staidéar cainníochtúil a dhéanamh ar ainmhithe in éiceachóras roghnaithe; mar shampla, modh na gabhála-na hathghabhála.
- Speicis a mheastar a bheith i mbaol a choinneáil, a úsáid nó a chur ar taispeáint gan comhlíonadh reachtach cuí (e.g. ceadúnas/deimhniú bailí).
- Bailiú, díobháil, dochar de thaisme, suaitheadh nó damáiste a dhéanamh ar áit pórúcháin nó scíthe de chuid speicis ainmhithe atá cosanta.
- Staidéir atá deartha ar bhealach a imreoidh drochthionchar ar leas ainmhithe (e.g. bia a dhiúltú d'ainmhí, freagairtí éalaithe a spreagadh i gcásanna nach bhfuil an t-ainmhí in ann éalú ó spreagthach iontu nó ainmhí de chuid speiceas sóisialta a choinneáil ina aonair ar feadh tréimhsí fada) agus staidéir ina gcuirtear an t-ainmhí aonair faoi réir anacra agus fulaingthe atá coibhéiseach lena ndéanfaí le snáthaid, nó níos airde ná sin.
- Staidéir ar fhiadhúlra ina n-úsáidtear nós imeachta ionrach chun na hainmhithe lena mbaineann a shainaithint.
- Staidéir chógaseolaíochta, staidéir thocsaineachta nó staidéir fulaingthe ar ainmhithe.
- Géinathrú nó pórú ó línte atá géinathraithe.

### *3.1.2 Cleachtais atá ceadaithe i scoileanna toisc go bhfuil an HPRA den tuairim nach dtagann siad faoi raon feidhme na reachtaíochta eolaíochta um chosaint ainmhithe*

*<u>Fad is a thugtar cosaint do na hainmhithe de réir rialacháin an Achta um Shláinte agus Leas Ainmhithe 2013 agus go gcuirtear laghdú agus mionchoigeartú i bhfeidhm go cuí i ngach cás, tá na nithe seo a leanas ceadaithe i scoileanna</u>:*

- Cleachtais a dtugtar fúthu chun ainmhí a shainaithint go príomha, fad nach speiceas cosanta an t-ainmhí agus nach dóigh don ghníomhaíocht a bheith ina cúis le pian, le fulaingt, le hanacair ná le dochar buan. *(Tabhair faoi deara:* Ní

féidir ach ainmhithe *inveirteabracha* a cheapadh nó a bhailiú chun críocha sainaitheanta. Níor cheart fiadhúlra veirteabrach a théann thart go saor a cheapadh ná a bhailiú, ach is féidir iad a shainaithint trí bhreathnú neamhionrach nó trí choiléar raidió a chur orthu fad nach bhfuil ceapadh ná mhicrishliseadh i gceist).

- Modhanna bailiúcháin chun ainmhithe *inveirteabracha* a shainaithint, lena n-áirítear pútar, gaiste ceap tuisle, líontán féileacáin, líontán scaobtha, líontán linne agus leathán bailiúcháin a úsáid. Ní mór na hainmhithe a fhilleadh go cúramach agus gan dochar ar a ngnáthóg.
- Tonnadóir Tullgren nó tonnadóir Baermann (agus soitheach tirim bailiúcháin) a úsáid chun inveirteabraigh bhídeacha a bhaint ó shampla beag ithreach.
- Piastlann a úsáid chun breathnú ar ghníomhaíochtaí tochailte i measc cuiteog san ithir.
- Modh na gabhála-na hathghabhála a úsáid le haghaidh *inveirteabrach*, fad nach ndéanann an ghníomhaíocht difear d'iompar ná do shaol na n-inveirteabrach marcáilte. (*Ná déan dearmad:* Níor cheart ainmhithe veirteabracha a úsáid i modh na gabhála-na hathghabhála).
- Breathnú a dhéanamh ar ghnáthghníomhaíocht de chuid speiceas ainmhí neamhchosanta faoi dhálaí 'nádúrtha'. (*Ná déan dearmad:* Faoi mar atá luaite i rannán 2.1.5, is gá ceadúnas a fháil roimh ré chun grianghraif a ghlacadh nó scannán a dhéanamh d'ainmhí nó d'éan fiáin).
- Tástálacha seoimrín rogha agus tástálacha rogha bia a úsáid le haghaidh staidéir ar iompar ainmhithe, fad nár tógadh na hainmhithe lena mbaineann as an bhfiadhúlra, nach speiceas cosanta an t-ainmhí agus nach bhfuil aon bhaol ann go mbeidh an ghníomhaíocht ina cúis le pian, le fulaingt, le hanacair ná le haon chineál eile dochair bhuain. Agus a laghad láimhseála is féidir, tá cead ag daltaí monatóireacht a dhéanamh ar thosca atá éasca le feiceáil agus nach ndéanann dochar do na hainmhithe. Mar shampla, dath, fad, meáchan, gníomhaíocht, an méid bia a itear agus athruithe saolré.
- Trialacha cothaithe ginearálta, ar trialacha breathnaithe iad de ghnáth, i gcásanna ina bhfreastalaítear ar riachtanais chothaithe iomlána na n-ainmhithe agus i gcásanna nach dóigh go dtiocfaidh aon saincheist maidir le leas ainmhithe chun cinn de bharr na trialach iontu; ina theannta sin, níor chóir na hainmhithe lena mbaineann a bheith tógtha as an bhfiadhúlra, níor chóir gur speiceas cosanta an t-ainmhí agus níor chóir baol a bheith ann go mbeidh an ghníomhaíocht ina cúis le pian, le fulaingt, le hanacair ná le haon chineál eile dochair bhuain.
- Éanáin a ligean amach as uibheacha a choinnítear i ngoradán agus iad faoi réir dea-chúraim, fad nach ndéantar aon ghnáthamh ar dóigh dó a bheith ina chúis le pian, le fulaingt, le hanacair ná le dochar buan, nár tógadh na hainmhithe lena mbaineann as an bhfiadhúlra agus nach speiceas cosanta an t-ainmhí. Ní mór a bheith cúramach nach láimhseáiltear ainmhithe ar bhealach a dhéanann dochar dá bhforbairt nó a chuireann eagla nó imní orthu.
- Glóthach froig a bhailiú agus breathnú uirthi de réir choinníollacha an cheadúnais a deonaíodh don Roinn Oideachais agus Scileanna agus mar atá luaite i rannán 2.1.4.
- Uisceadán nó míoladán nó cás beag cuí a úsáid chun ainmhí a chur ar taispeáint ann nó chun breathnú díreach a dhéanamh ar iompar ainmhí (lena n-áirítear speicis éisc, reiptíle, amfaibiaigh, artrapóid nó mhamaigh bhig amhail hamstar),

fad nár tógadh an t-ainmhí, más *veirteabrach* é, as an bhfiadhúlra agus fad nach bhfulaingíonn an t-ainmhí, in aon chás, pian, anacair ná aon chineál eile dochair bhuain. De réir na reachtaíochta, ní 'gnáthamh' é breathnú ná monatóireacht a dhéanamh ar ainmhithe atá á gcoinneáil in uisceadán, i míoladán nó i gcás cuí a choinnítear i 'ngnáthdhálaí'. Mar sin, ní thagann gnáthamh den sórt sin faoi raon feidhme na reachtaíochta agus is féidir leanúint ar aghaidh leis i scoileanna.

- Cuairteanna a thugann daltaí ar fheirmeacha chun riachtanais churaclaim a chomhlíonadh agus eispéiris a bhaineann le staidéir shimplí bhreathnaithe agus le cleachtais neamhthurgnamhacha talmhaíochta (lena n-áirítear beostoc agus dobharshaothrú) le haghaidh riar ainmhithe sainaitheanta, mar shampla, cleachtais tógála agus bhainte den chíoch, clibeáil, vacsaíniú, etc.
- Breathnuithe ar chleachtas neamhthurgnamhach tréidliachta cliniciúla.

Ní féidir liosta uileghabhálach a chur ar fáil de na cleachtais uile ar féidir leanúint ar aghaidh leo. Tugtar tuilleadh treorach sa *Guide to Practices Outside the Scope of Scientific Animal Protection Legislation* ón HPRA. Sa chás nach bhfuil scoileanna agus/nó daltaí atá i mbun tionscadail taighde eolaíochta cinnte cé acu a thagann nó nach dtagann an ghníomhaíocht lena mbaineann faoi raon feidhme *Ionstraim Reachtúil Uimh. 543 de 2012*, ní mór dóibh teagmháil a dhéanamh go díreach leis an HPRA ag sap@hpra.ie agus tuairim a iarraidh sula gcuirfear tús leis an staidéar nó leis an ngníomhaíocht.

### *3.1.3 Treoir maidir le tabhairt faoi ghníomhaíochtaí curaclaim neamh-fhorordaithe agus faoi thionscadail uathúla taighde eolaíochta*

Áirítear leo sin gníomhaíochtaí comhchuraclaim neamhshonraithe agus tionscadail uathúla taighde a dtugann daltaí fúthu agus imscrúduithe atá deartha le haghaidh imeachtaí amhail Aontaí Eolaíochta nó na hIdirbhliana agus a bhaineann le hainmhithe a úsáid i saotharlanna scoile nó le hainmhithe a bheith á n-úsáid ag scoileanna lasmuigh den láthair. Scoileanna agus/nó daoine aonair ar mian leo ainmhithe beo a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí **seachas iad sin atá liostaithe** i rannán 3.1.2 den chiorclán seo – *'Cleachtais atá ceadaithe i scoileanna toisc go bhfuil an HPRA den tuairim nach dtagann siad faoi raon feidhme na reachtaíochta eolaíochta um chosaint ainmhithe'* – nó le haghaidh **aon ghníomhaíochta uathúla** lena mbaineann éiginnteacht maidir le cé acu a thagann nó nach dtagann sí faoi raon feidhme na reachtaíochta, **ní mór dóibh comhairle ghairmiúil a lorg ag luathchéim agus iarratas a dhéanamh go díreach chuig an Údarás Inniúil iomchuí agus/nó chuig an gcomhlacht ceadúnúcháin iomchuí.**

**Nuair a bhíonn daltaí á spreagadh acu dul i mbun tionscadail taighde agus nuair a bhíonn cúrsaí a fhorbraítear go háitiúil á bhforbairt acu, ní mór do mhúinteoirí dlúthmhaoirseacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí atá ceaptha agus a chinntiú go gcomhlíontar go hiomlán an reachtaíocht agus an ceadúnú a bhaineann le hainmhithe beo a úsáid agus an treoir a thugtar sa chiorclán seo.** I ngach cás, agus le haghaidh gach cineáil ainmhí, ní mór do dhaltaí a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí den sórt sin a chinntiú go bhfuil ceanglais *an Achta um Shláinte agus Leas Ainmhithe 2013* á gcomhlíonadh acu. Níor cheart ainmhithe beo a bhailiú go neamh-idirdhealaitheach agus ba cheart daltaí a chur ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann leis an bhfána nádúrtha agus lena ghnáthóga a chaomhnú. Níor cheart ainmhithe a chur faoi réir péine, fulaingthe ná anacra agus níor cheart iad a chur faoi réir gníomhaíochtaí

a imríonn drochthionchar ar a leas. Tá sé de fhreagracht shainráite ar an duine nó ar an scoil a bhfuil sé beartaithe acu staidéar a dhéanamh comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha a chinntiú.

### *3.1.4 Bearta atá le déanamh agus úsáid ainmhithe á breithniú*

Agus é beartaithe acu ainmhithe beo a úsáid in aon ghníomhaíocht (chun críocha oideachais, eolaíochta nó taispeána) agus ar feadh aon tréimhse ama, ba cheart do scoileanna na bearta seo a leanas a bhreithniú:

- *'3.1.1 Cleachtais nach bhfuil ceadaithe i scoileanna ná mar chuid d'obair scoile'* agus *'3.1.2 Cleachtais atá ceadaithe i scoileanna toisc go bhfuil an HPRA den tuairim nach dtagann siad faoi raon feidhme na reachtaíochta eolaíochta um chosaint ainmhithe'* a léamh go cúramach.
- Sa chás gur gníomhaíocht nach bhfuil ceadaithe a thuilleadh (rannán 3.1.1) an ghníomhaíocht atá beartaithe, ní féidir le scoileanna tabhairt faoin ngníomhaíocht sin a thuilleadh ach amháin sa chás go bhfaigheann an scoil ceadúnas ó Údarás Inniúil. Is beag seans go dtabharfar údarú do scoil agus/nó do dhuine aonair toisc go gcuirtear sa reachtaíocht srian le hainmhithe a úsáid chun críocha eolaíochta nó oideachais maidir le tabhairt faoi 'ghnáthaimh' in institiúidí ardleibhéil.
- Sa chás gur gníomhaíocht ar féidir leanúint ar aghaidh léi (rannán 3.1.2) an ghníomhaíocht atá beartaithe, ba cheart do scoileanna na cleachtais a mhionchoigeartú de réir *an Achta um Shláinte agus Leas Ainmhithe 2013* agus laghdú a dhéanamh ar líon na n-ainmhithe lena mbaineann.
- Sa chás nach bhfuil an ghníomhaíocht ar leith atá beartaithe ná an úsáid ainmhí atá beartaithe ar áireamh i rannán 3.1.1 ná i rannán 3.1.2, beidh sé de rogha ag scoileanna na nithe seo a leanas a dhéanamh:
  - Sa chás gur *veirteabrach* an t-ainmhí atá á bhreithniú lena úsáid in imscrúdú nó i ngníomhaíocht, ní mór do na daoine sin a bhfuil an ghníomhaíocht beartaithe acu *an tAcht um Shláinte agus Leas Ainmhithe 2013* agus *Ionstraim Reachtúil Uimh. 543 de 2012* a léamh agus breithniú a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil feidhm ag na ceanglais atá iontu maidir leis an ngníomhaíocht atá beartaithe. Sa chás go bhfuiltear muiníneach nach dtagann an ghníomhaíocht atá beartaithe faoi raon feidhme *Ionstraim Reachtúil Uimh. 543 de 2012* agus go ndéanfar soláthar iomlán do cheanglais *an Achta um Shláinte agus Leas Ainmhithe*, beidh cead ag an scoil leanúint ar aghaidh leis an ngníomhaíocht.
  - Sa chás gur *inveirteabrach* an t-ainmhí atá á bhreithniú lena úsáid i ngníomhaíocht nó in imscrúdú, ní mór do na daoine sin a bhfuil an ghníomhaíocht beartaithe acu *an tAcht um Shláinte agus Leas Ainmhithe 2013* a léamh agus breithniú a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil feidhm ag ceanglais an Achta maidir leis an ngníomhaíocht atá beartaithe. Sa chás go bhfuiltear muiníneach go soláthrófar go hiomlán do cheanglais an Achta, beidh cead ag an scoil leanúint ar aghaidh leis an ngníomhaíocht.
  - Sa chás go bhfuil sé beartaithe glóthach froig a cheapadh agus a úsáid, ní mór na coinníollacha atá le fáil ar leathanach 2 den Cheadúnas chun Glóthach Froig a Bhailiú a léamh agus ní mór cloí leo. Sula gcuirfidh siad tús léi, ní mór do na daoine sin a bhfuil an ghníomhaíocht beartaithe acu breithniú a dhéanamh freisin ar an dóigh a gcomhlíonfar ceanglais *an Achta um Shláinte agus Leas Ainmhithe 2013* maidir le soláthar a

dhéanamh do chúram, do bheathú agus do choinneáil na n-ainmhithe agus ar an dóigh a gcomhlíonfar ceanglais *Ionstraim Reachtúil Uimh. 543 de 2012* maidir lena chinntiú nach dóigh do na cleachtais a bheith ina gcúis le leibhéal péine, fulaingthe, anacra ná dochair bhuain atá coibhéiseach lena ndéanfaí le snáthaid, nó níos airde ná sin.

- Sa chás gur gníomhaíocht uathúil an ghníomhaíocht atá beartaithe nó go bhfuil éiginnteacht ann maidir le cé acu a thagann nó nach dtagann sí faoi raon feidhme na reachtaíochta atá ar áireamh anseo, ní mór don scoil iarraidh ar an HPRA an *Tionscadal/Staidéar a aicmiú faoin Reachtaíocht Eolaíochta um Chosaint Ainmhithe*. Tá tuilleadh faisnéise faoi sin ar fáil sa rannán tréidliachta de shuíomh Gréasáin an HPRA (www.hpra.ie) faoi *scientific animal protection, guides and forms*.
- Sa chás gur mian leis an scoil aon ainmhí a choinneáil chun críocha taispeána, breathnaithe nó eile agus nach mian léi 'gnáthamh' a dhéanamh ar an ainmhí, ní mór don scoil soláthar a dhéanamh don ainmhí de réir *an Achta um Shláinte agus Leas Ainmhithe 2013*, agus í ag cinntiú go mionchoigeartaítear cóiríocht agus cúram an ainmhí chun aon phian, aon fhulaingt, aon anacair nó aon dochar buan a dhíothú nó iad sin a laghdú a mhéid is féidir. Faoi réir *Ionstraim Reachtúil Uimh. 543 de 2012*, ní bhainfidh úsáideoir úsáid as eiseamal de chuid speiceas i mbaol i 'ngnáthamh'. Cuirtear i gcuimhne do scoileanna nach mór do choinneálaithe speiceas cosanta CITES a chomhlíonadh.

## *4 ACHOIMRE*

### *4.1 Achoimre*

Leagtar amach sa tábla thíos an reachtaíocht agus na ceadúnais atá ábhartha maidir le hainmhithe a úsáid chun críocha oideachais, eolaíochta nó eile.

| ***Reachtaíocht / Ceadúnas*** | **An cineál ainmhí a ndéantar soláthar dó** | **An t-údarás inniúil a bhfuil freagracht air as cur chun feidhme** |
|---|---|---|
| • *Ionstraim Reachtúil (I.R.) Uimh. 543 de 2012* | Veirteabraigh agus ceifileapóid | An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (HPRA) www.hpra.ie |
| • *An tAcht um Shláinte agus Leas Ainmhithe 2013* | Gach cineál ainmhithe (i.e. veirteabraigh agus inveirteabraigh araon) | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) www.agriculture.gov.ie |
| • An reachtaíocht Náisiúnta agus Eorpach um chosaint speiceas | Speicis chosanta | An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (REOG), agus iad á riar ag an tSeirbhís Páirceanna |

| | | |
|---|---|---|
| • Ceadúnas chun glóthach froig (*Rana temporaria*) a bhailiú<br><br>• Gníomhaíochtaí a bhaineann le hainmhithe agus a dteastaíonn ceadúnú uathu faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra | | Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF)<br>www.npws.ie |

### *4.2 Ginearálta*

Déan aird múinteoirí agus daltaí sa scoil a bheartaíonn dul i mbun taighde a bhaineann le haon ainmhí beo a úsáid a tharraingt ar an gCiorclán seo agus tabhair cóip di do bhaill de bhord bainistíochta na scoile.

Is féidir teacht ar an gciorclán seo ag www.education.ie freisin.

Breda Naughton
An tAonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta
Bealtaine 2015